

## Ráiteas Príobháideachais

Tá an ríomh-Ardán d'Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE) ina thionscnamh de chuid [Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir](#) (DG EAC) sa Choimisiún Eorpach. Tá an Ard-Stiúrthóireacht tiomanta do ghné bhuan de thírdhreach foghlama aosáí na hEorpa a dhéanamh de EPALE.

Agus é faoi mhaoirseacht ag an [nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir](#) (EACEA), is í Seirbhís Tacaíochta Lárnach a bhainistíonn EPALE ar bhonn lá go lá. Oibríonn Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta Lárnach freisin, agus iad ag cabhrú le hábhar spéisiúil uathúil a chur ar fáil ar EPALE. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi EPALE, cliceáil [anseo](#).

Geallann An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (“EACEA”) do phríobháideachas a chaomhnú. Pléitear le gach sonraí pearsanta de réir Rialachán (CE) Uimh 45/2001 um chosaint sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail[1].

Leagtar amach sa Ráiteas Príobháideachais seo a leanas na beartais faoina ndéanann an EACEA sonraí pearsanta a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid laistigh den EPALE – ríomh-Ardán d'Fhoghlaim Aosach san Eoraip.

### **1. Cé atá freagrach as do shonraí pearsanta a phróiseáil (rialaitheoir sonraí)?**

Aonad nó seirbhís: Aonad A5

Feidhm: Ceann Aonaid

Seoladh Poist Education Audiovisual and Culture Executive Agency, Avenue du Bourget 1, BOUR, BE-1140 Brussels

R-phost: [EACEA-EPLUS-EPALE@ec.europa.eu](mailto:EACEA-EPLUS-EPALE@ec.europa.eu)

### **2. Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?**

**Sonraí éigeantacha:**

- Ainm
- Eagraíocht agus seoladh (más cúí)
- An tír ina bhfuil tú bunaithe
- An teanga/na teangacha a úsáideann tú

- Sonraí teagmhála – e.g. seoladh ríomhphoist

### **Sonraí roghnacha:**

- Réimsí spéise gaolmhara téamacha:
- Gnéithe inspéise ar an suíomh m.sh. cuardach comhpháirtí
- Náisiúntacht
- Teileafón
- Slí bheatha

### **3. Cad chuige a phróiseáiltear do sonraí?**

Bailítear sonraí pearsanta le haghaidh cuspóirí inmheánacha maidir le faisnéis a chur sa phost, a scaipeadh srl. Beidh úsáideoirí in ann “liostáil” agus próifílí úsáideoirí níos mionsonraithe a chruthú a bheidh ar fáil don phobal agus ar féidir iad a úsáid mar chabhair chun comhpháirtithe agus úsáideoirí eile atá ag obair i réimsí cosúla ar fud na hEorpa a aimsiú chun dea-chleachtas a chomhroinnt. Mar sin féin, faoin úsáideoir a bheidh sé cibé an gcomhroinnfidh sé/sí an fhaisnéis seo le pobal EPALE nó nach gcomhroinnfidh.

Is gá sonraí pearsanta a phróiseáil sna codanna ábhartha den ardán chun úsáideoirí a chumasú chun comhpháirtithe a aimsiú, daoine atá cláraithe EPALE a chumasú chun dul i mbun cumarsáide agus comhair i spiorad cómhúiné agus measa agus chun gníomhaíochtaí monatóireachta a chumasú chun mí-úsáid an ardáin a chosc.

### **4. Cé hiad a bhfuil rochtain acu ar do sonraí pearsanta agus cé dóibh a nochtar iad?**

- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir (EAC) agus foireann ainmnithe de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna
- Foireann ainmnithe den EACEA
- Seirbhís Tacaíochta Lárnach EPALE (CSS), arna rith ag an gcuibhreannas Ecorys UK – Intrasoft International
- Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta EPALE, atá i gceannas ar EPALE a chur chun cinn do gheallsealbhóirí áitiúla agus náisiúnta, agus ar theagmháil a choimeád ar bun leo. Gheofar liosta iomlán na n-eagraíochtaí ar an leathanach seo: <https://ec.europa.eu/epale/en/nss>.
- Taighdeoirí má fhaigheann siad cead sainiúil ón Rialaitheoir Sonraí.

I gcás rialaithe nó díospóide, na comhlachtaí ar a bhfuil cúram as tasc monatóireachta nó cigireachta i dtaca le dlí an Aontais a chur chun feidhme (m.sh. An tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh, Cumas Iniúchta Inmheánaigh, an Coimisiún Eorpach, OLAF, Cúirteanna an AE, srl.).

## **5. Cé chomh fada a gcoinnimid do shonraí pearsanta?**

- Is féidir sonraí a phróiseáil i gcomhthéacs líonraí inmheánacha teileachumarsáide (sonraí agus comhadlanna tráchta) a nochtadh do bhaill fhoireann CSS /EACEA/EAC/EMPL agus coimeádfar iad le linn gníomhaíocht uile EPALE.
- Maidir leis na sonraí teagmhála: Bliain amháin tar éis logáil isteach deiridh an úsáideora, socrófar sonraí ag neamhghníomhach, .i. ní bheidh siad infheicthe níos mó don phobal. 2 bhliain tar éis logáil isteach deiridh an úsáideora baintear an t-ainm go buan de shonraí agus is le haghaidh cuspóirí staitistiúla amháin a choimeádtar iad Bainfear an t-ainm de na sonraí teagmhála láithreach ar iarratas ón gcláraí.
- Coimeádfar teachtaireachtaí i bhfóraim le linn gníomhaíocht uile EPALE..
- Coimeádfar teachtaireachtaí nó ábhair oideachais a phostáiltear san ionad Acmhainní le linn gníomhaíocht uile EPALE.
- Coimeádfar teachtaireachtaí nó ábhair oideachais a phostáiltear i ngrúpa príobháideach NSS le linn gníomhaíocht uile EPALE.
- Coimeádfar comhaid agus postálacha blag le linn gníomhaíocht uile EPALE.

## **6. Conas is féidir leat do chearta a fheidhmiú, cearta mar an ceart chun sonraí a bhaineann leat a rochtain agus a cheartú?.**

Is féidir le hábhair sonraí a gcuid sonraí féin a rochtain, a cheartú agus a scriosadh ar an ardán.

Is féidir le húsáideoirí liostú agus díliostáil le haghaidh gnéithe áirithe m.sh is féidir leo próifíl úsáideora a bheith acu ach is féidir nach dteastódh uathu é sin a chur ar fáil don phobal le haghaidh cuardach ar son comhpháirtí srl.

Nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí (féach point 1 thuas) chun tuilleadh faisnéise a iarraidh nó cuntas a dhíghníomhachtú.

## **7. Do cheart dul ar iontaoibh i gcás coinbhleachta ar aon cheist maidir le sonraí pearsanta.**

I gcás coinbhleachta ar aon cheist a bhaineann le cosaint do shonraí pearsanta is féidir leat scríobh chuig an Rialaitheoir ag an seoladh thuasluaite agus chuig boscaí ríomhphoist feidhmiúla. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí an EACEA ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: [eacea-data-protection@ec.europa.eu](mailto:eacea-data-protection@ec.europa.eu) .

I gcás nach réitíonn an Rialaitheoir an coinbhleacht, is féidir leat gearán a thaisceadh, uair ar bith, leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí: Suíomh gréasáin <http://www.edps.europa.eu>; Ríomhphost: [edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu) .

## **8. Cén bunús dlí ar a bpróiseáiltear do shonraí pearsanta?**

Is é bunús dlí an tionscnaimh nua seo:

- Cinneadh 1720/2006/EC ón bParlaimint agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 (IO L 327 de 24.11.06, Ich.45), lenar bunaíodh clár gníomhaíochta i réimse na foghlama ar feadh an tsaoil, a leasaíodh dá éis le Cinneadh Uimh 1357/2008/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 (IO L 350 de 30.12.08, Ich. 56), agus clár oibre 2012 Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Cultúir den Choimisiún Eorpach.
- Rialachán (AE) Uimh 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 (IO L 347, 20.12.2013, Ich. 50–73) lenar bunaíodh 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, oiliúint, óige agus spórt, lenar aisghaireadh Cinntí Uimh 1719/2006/CE, Uimh 1720/2006/CE agus Uimh 1298/2008/CE, agus clár oibre 2015 Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Cultúir den Choimisiún Eorpach.

Conradh seirbhíse a síníodh le Ecorys/Intrasoft (tag: 2012-5529/001-001)

Sonraíochtaí tairisceana EPALE – ríomh-Ardán d'Fhoghlaim Aosach san Eoraip EACEA/2012/05

Glaó teoranta ar thograí SEIRBHÍSÍ NÁISIÚNTA TACAÍOCHTA EPALE EACEA UIMH° 04/2014 agus 01/2015

Meabhrán Tuisceana le haghaidh seirbhís "FPFIS-CMS" a síníodh idir an EACEA agus DIGIT (tag: DIGIT – 00488-00)

---

[1] Rialachán (CE) Uimh 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 um chosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus ar shaorghluaiseacht sonraí dá sórt, IO L8 de 12.1.2001, Ich. 1.